## C. Conas is féidir liom mo shonraí úsáideora féin a nuashonrú i *'Mo Chuntas'*?

Ní mór duit bheith logáilte isteach i *'Mo Chuntas'* chun do shonraí úsáideora a nuashonrú. A luaithe atá tú logáilte isteach, cliceáil ar an tsiombail ag an mbarr ar dheis den scáileán agus cliceáil ar 'Próifíl' chun do chuntas a oscailt.

Déan na leasuithe riachtanacha agus, a luaithe atá tú críochnaithe, cliceáil ar 'Sábháil'.

## C. Conas is féidir liom amharc ar theachtaireachtaí nó teachtaireacht a sheoladh chuig an Rialálaí Carthanas ó *'Mo Chuntas'*?

Ní mór duit bheith logáilte isteach i *'Mo Chuntas'* chun amharc ar do theachtaireachtaí nó chun teachtaireacht a sheoladh chugainn ó do chuntas.

A luaithe atá tú logáilte isteach, cliceáil ar 'Teachtaireachtaí' sa roghchlár ar an taobh clé de leathanach baile *'Mo Chuntas'* chun liosta de na teachtaireachtaí go léir faoi cheannteidil éagsúla a oscailt.

**Chun amharc ar theachtaireacht** atá i gceann ar bith de na trí tháb (Bosca Isteach, Seolta agus Dréachtaí), cliceáil ar an teachtaireacht agus osclófar san fhuinneog í – is féidir leat an teachtaireacht a phriontáil freisin ón áit sin.




**Chun teachtaireacht nua a sheoladh chugainn**, cliceáil ar 'Teachtaireacht Nua' agus ansin ar 'Comhfhreagras Ginearálta'. Iontráil ábhar agus scríobh do theachtaireacht, cuir doiciméad faoi iamh más gá agus sábháil an teachtaireacht chun í a sheoladh ar ball nó seol an teachtaireacht.

# C. Conas is féidir liom dul trí *'Mo Chuntas'*?

## Deais

Nuair a logálann tú isteach i *'Mo Chuntas'*, osclaítear an leathanach baile (ar a dtugtar an 'Deais'), áit a dtaispeántar na nithe seo a leanas:




'Forbhreathnú': áit a dtaispeántar 'fáinne' ina n-achoimrítear an ghníomhaíocht ar do chuntas agus liosta de chomhduithe. Is féidir leat do chomhduithe a rochtain ach cliceáil ar an gceannteideal ábhartha nó ar an bhfáinne.

'Imeachtaí': atá ina liosta d'aon aighneachtaí a rinne tú le déanaí agus d'aon chomhfhreagras.

'Mo Charthanais': atá ina liosta de do charthanais chláraithe.

Más rud é gurb é seo an chéad uair atá tú ag logáil isteach agus nach raibh aon ghníomhaíocht roimhe ann ar do chuntas, beidh an chuma seo a leanas ar do dheais:




Feicfidh tú go bhfuil sraith táb ann feadh thaobh na láimhe clé, mar atá mionsonraithe thíos:

## Comhdú Nua

Is féidir leat 'comhduithe' nua a chur isteach ón rannán seo. Is foirmeacha iad 'comhduithe'. Tá cineálacha difriúla foirme ann agus beidh an ceann a úsáidfidh tú ag brath ar cé acu atá d'eagraíocht ag déanamh iarratas ar chlárú nó atá d'eagraíocht ina carthanas cláraithe cheana féin.

## Mo Chomhduithe

Is féidir leat do chomhduithe a chuardach agus a léamh ón rannán seo. Cuirtear na hamhairc i láthair ina dtáib chun cabhrú leat. Tá feidhmiúlacht scagtha ann is féidir leat a úsáid chun do chuardach a bheachtú. Is iad seo na táib sin:

- dréachtaí,
- sínithe (nach mbaineann le hábhar ach amháin i gcás go ndearna tú iarratas faoi na hAchtanna Carthanas, 1961 agus 1973, arna leasú),
- comhduithe a chuir tú isteach,
- comhduithe a seoladh ar ais chugat,
- comhduithe ar diúltaíodh dóibh,
- comhduithe a cláraíodh, agus
- comhduithe a cealaíodh.

## Teachtaireachtaí

Faoi 'Teachtaireachtaí', is féidir leat amharc ar na teachtaireachtaí go léir a fuair tú uainn, a sheol tú chugainn, nó a shábháil tú mar dhréachtaí. Is féidir leat é sin a fheiceáil i dtrí tháb agus is féidir leat cuardach le haghaidh teachtaireachta ach an barra cuardaigh a úsáid.

## Cuntas

Faoi 'Cuntas', is féidir leat do chuntas agus do phróifílí úsáideora a chothabháil. Is féidir leat amharc ar do shonraí cuntais agus iad a chur in eagar. Tugtar liosta leis an tsaoráid de na húsáideoirí go léir atá ainmnithe faoi do chuntas. Is féidir leat úsáideoirí a chur in eagar, iad a chur le do chuntas agus iad a bhaint de.

## Cabhair

Má chliceálann tú ar an rogha 'Cabhair' ag am ar bith, tabharfar thú chuig an lámhleabhar úsáideora don leathanach nó don fhoirm i gceist.

## C. Conas is féidir liom comhad PDF a uaslódáil i bhfoirm?

Ní mór aon doiciméid atá le ceangal (le huaslódáil) a bheith ina gcomhad PDF (Formáid Doiciméad Iniompartha) a bhfuil uasmhéid 10 MB ann. Cuir ainm leis an gcomhad atá tú ag uaslódáil chun go léireofar ábhar an doiciméid go soiléir ann e.g. Doiciméad Rialaithe Charthanas X.




Agus ansin cliceáil ar 'Roghnaigh Comha(i)d'




Aimsigh an comhad ba mhaith leat a uaslódáil, roghnaigh é agus cliceáil ar 'Oscail'.

Mar mhalairt air sin, is féidir leat tarraingt agus scaoileadh ach cliceáil le do chnaipe luiche ar chlé ar an gcomhad PDF ba mhaith leat a uaslódáil agus, ina dhiaidh sin, é a tharraingt chuig an láthair roghnaithe gan do mhéar a bhaint den chnaipe agus ansin do lámh a bhaint den chnaipe luiche chun é a scaoileadh.

## C. Cad a chiallaíonn na deilbhíní sna foirmeacha?

Tá deilbhíní ann ar fud na bhfoirmeacha.  Léirítear sa tábla seo an chiall atá leo:

| Deilbhíní | Míniú |
|---|---|
| | Ciallaíonn an deilbhín seo go dtaispeánfar ar an gClár Carthanas poiblí an fhaisnéis atá tugtha. |
| | Ciallaíonn an deilbhín seo gur féidir leat do luchóg a bhogadh thar aon siombail chabhrach chun tuilleadh faisnéise a fháil. |
| | A luaithe a roghnaítear é, cuirfidh an deilbhín seo ar do chumas doiciméid a uaslódáil. |
| | A luaithe a roghnaítear é, cuirfidh an deilbhín seo ar do chumas an doiciméad seo a íoslódáil. |
| | Taispeántar an deilbhín seo in aice ceisteanna a bhfuil deilbhín féilire acu i gcás nach mór dáta a roghnú. |
| | Ní mór tuilleadh airde a thabhairt na táib a bhfuil an tsiombail seo marcáilte orthu. |
| | Is críochnaithe atá na táib a bhfuil an tsiombail seo marcáilte orthu. |
| * DEARG | Is éigeantach atá réimse ar bith a bhfuil réiltín (*) dearg aige agus ní mór é a chomhlánú. |
| Riachtanach | Ní mór ceisteanna a bhfuil “riachtanach” marcáilte orthu a chomhlánú. |
| Sábháil an Dréachta [a] | Déan deimhin de go gcliceálann tú ar an gcnaipe “Sábháil Dréacht” ar fud d’iarratais chun do dhul chun cinn a shábháil. |
| Réamhamharc [p] | Cliceáil ar an gcnaipe “Réamhamharc” chun leagan inphriontáilte PDF de d’iarratas a ghiniúint. Tá an rogha sin ar fáil ar an táb “Dearbhú” ar gach foirm. |

## C. Conas is féidir liom doiciméad Word a shábháil mar chomhad PDF? - Dhá rogha

**Rogha 1: Sábháil**

Agus tú ag úsáid Word, téigh chuig **Comhad > Sábháil Mar** in ionad an comhad a shábháil ar an ngnáthbhealach amháin.

Is féidir leat an **cineál comhaid PDF** a roghnú ansin ón roghchlár anuas.

Sábháil do dhoiciméad mar chomhad PDF.

Tá leagan PDF de do dhoiciméad Word agat anois. Is féidir leat é a uaslódáil chuig *'Mo Chuntas'*.

**Rogha 2: Easpórtáil**

Rogha eile is ea dul chuig Comhad **> Easpórtáil >** Cruthaigh Doiciméad PDF/XPS.

Cliceáil ar 'Foilsigh' nuair atá tú críochnaithe.

## C. Conas is féidir liom an tuarascáil bhliantúil a chur isteach?

Tá tuarascálacha bliantúla ar fáil ar líne lena gcomhlánú thart ar shé seachtaine roimh an dáta dlite (is é 10 mí tar éis dheireadh bliana airgeadais an charthanais an dáta dlite).

Ní mór duit bheith logáilte isteach i *'Mo Chuntas'* chun tuarascáil bhliantúil a chomhdú.

A luaithe atá tú logáilte isteach, roghnaigh an carthanas ón liosta 'Mo Charthanais' ar dheais *'Mo Chuntas'* (más comhdaitheoir údaraithe thú do níos mó ná carthanas amháin, taispeánfar gach ceann díobh ar an liosta).




Cliceáil ansin ar 'Comhduithe' agus, sa deireadh, cliceáil ar 'Tuarascáil Bhliantúil' ar an liosta chun an fhoirm tuarascála bliantúla a oscailt.

Nuair atá an fhoirm ar oscailt agat, cliceáil ar 'Cabhair' chun an treoir úsáideora a oscailt má theastaíonn cabhair uait.




Mar mhalairt air sin, is féidir leat cliceáil ar 

, rud a thabharfaidh thú chuig liosta de do charthanais go léir. Cliceáil ar an gcnaipe 'Tosaigh' in aice an charthanais ábhartha chun liosta de na foirmeacha atá ar fáil don charthanas sin a oscailt.




## C. Conas is féidir liom iontaobhaithe an charthanais a nuashonrú?

Ní mór duit bheith logáilte isteach i *'Mo Chuntas'* chun iontaobhaithe do charthanais a nuashonrú.

A luaithe atá tú logáilte isteach, roghnaigh an carthanas ón liosta 'Mo Charthanais' ar leathanach baile *'Mo Chuntas'* (más comhdaitheoir údaraithe thú do níos mó ná carthanas amháin, taispeánfar gach ceann díobh ar an liosta).




Cliceáil ansin ar 'Comhduithe' agus cliceáil ar 'Iontaobhaithe, Baint agus Comhairleoirí Seachtracha a Chothabháil' ar an liosta chun an fhoirm 'Iontaobhaí a Chothabháil' a

oscailt.  Nuair atá an fhoirm ar oscailt agat, cliceáil ar 'Cabhair' chun an treoir úsáideora a oscailt má theastaíonn cabhair uait.

Mar mhalairt air sin, is féidir leat cliceáil ar 'Tosaigh Comhdú Nua', rud a thabharfaidh thú chuig liosta de do charthanais go léir. Cliceáil ar an gcnaipe 'Tosaigh' in aice an charthanais ábhartha chun liosta de na foirmeacha atá ar fáil don charthanas sin a oscailt.




## C. Conas is féidir liom sonraí an charthanais a nuashonrú?

Ní mór duit bheith logáilte isteach i *'Mo Chuntas'* chun sonraí do charthanais a nuashonrú.

A luaithe atá tú logáilte isteach, roghnaigh an carthanas ón liosta 'Mo Charthanais' ar leathanach baile *'Mo Chuntas'* (más comhdaitheoir údaraithe thú do níos mó ná carthanas amháin, taispeánfar gach ceann díobh ar an liosta).




Cliceáil ansin ar 'Comhduithe'. Feicfidh tú liosta roghanna – cliceáil ar an rogha a bhaineann leis an nuashonrú ba mhaith leat a dhéanamh.

Mar mhalairt air sin, is féidir leat cliceáil ar 

, rud a thabharfaidh thú chuig liosta de do charthanais go léir. Cliceáil ar an gcnaipe 'Tosaigh' in aice an charthanais ábhartha chun liosta de na foirmeacha atá ar fáil don charthanas sin a oscailt.




Tá achoimre tugtha thíos ar chuspóir gach foirme:

| Teideal na foirme | Cuspóir na foirme |
|---|---|
| **Sonraí Teagmhála agus Láithreacha Oibriúcháin a Chothabháil** | Bain úsáid as an bhfoirm seo chun seoladh/seoltaí eagraíochta nó sonraí teagmhála do do charthanas a leasú, a scriosadh nó a chur leis, nó chun na dlínsí ina n-oibríonn do charthanas a chur leis nó a leasú. |
| **Ainm Carthanais a Athrú** | Bain úsáid as an bhfoirm seo chun iarratas a dhéanamh ar thoiliú le hainm do charthanais a athrú. |

| | |
|---|---|
| **Iontaobhaithe, Baint agus Comhairleoirí Seachtracha a Chothabháil** | Bain úsáid as an bhfoirm seo chun iontaobhaithe carthanais, baint nó comhairleoirí seachtracha a bhfostaíonn do charthanas iad a nuashonrú, a scriosadh nó a chur leis. |
| **Cuntas Bainc a Chothabháil** | Bain úsáid as an bhfoirm seo chun faisnéis chuntas bainc nó comhar creidmheasa do do charthanas a nuashonrú, a scriosadh nó a chur leis. |
| **Tuarascáil Bhliantúil** | Bain úsáid as an bhfoirm seo chun an tuarascáil bhliantúil do do charthanas a chomhdú. |
| **Cuspóir a Athrú** ***(áirítear leis an bhfoirm seo athruithe ar Chuspóirí nó leasuithe eile Bunreachta)*** | Bain úsáid as an bhfoirm seo chun iarratas a dhéanamh ar thoiliú le cineálacha difriúla leasuithe a dhéanamh ar do chuspóir carthanúil nó ar do bhunreacht. |
| **Sonraí Cruinnitheoirí Airgid a Chothabháil** | Bain úsáid as an bhfoirm seo chun sonraí cruinnitheoirí airgid do do charthanas a nuashonrú e.g. cruinnitheoirí airgid gairmiúla a fhostú. |
| **Carthanas Cláraithe a Fhoirceannadh agus a Dhíchlárú** | Bain úsáid as an bhfoirm seo chun a chur in iúl dúinn go bhfuil do charthanas á fhoirceannadh. |
| **Athrú ar Dheireadh na Bliana Airgeadais** | Bain úsáid as an bhfoirm seo chun dáta deiridh na bliana airgeadais do do charthanas a athrú. |

Nuair atá foirm ar oscailt agat, cliceáil ar an gcnaipe 'Cabhair' chun an treoir úsáideora a oscailt má theastaíonn cabhair uait.

## C. Conas is féidir liom amharc ar na foirmeacha agus na tuarascálacha bliantúla a comhdaíodh don charthanas?

Ní mór duit bheith logáilte isteach i *'Mo Chuntas'* chun amharc ar do chomhduithe.

A luaithe atá tú logáilte isteach, tá dhá bhealach ann is féidir leat amharc ar do chomhduithe ó leathanach baile *'Mo Chuntas'*:

Cliceáil ar 'Mo Chomhduithe' sa roghchlár ar an taobh clé den leathanach baile chun liosta de na comhduithe a rinne tú faoi cheannteidil stádais éagsúla a oscailt: Dréachtaí, Sínithe, Curtha Isteach, Seolta ar Ais, Diúltaithe, Cláraithe agus Cealaithe.

Cliceáil ar an gceannteideal ábhartha chun na foirmeacha, na tuarascálacha agus na doiciméid go léir don charthanas a oscailt. Is féidir leat sonraí iomlána na foirme a íoslódáil ansin ach cliceáil ar an deilbhín 

.

**NÓ**

Ar an leathanach baile, cliceáil ar an gceannteideal ábhartha ar an liosta 'Comhduithe Aighneachtaí', agus ansin

Is féidir leat comhdú a íoslódáil ach cliceáil ar an deilbhín 
.

## C. Conas is féidir liom rochtain a thabhairt do dhuine éigin eile i mo charthanas chun go mbeidh sé/sí in ann amharc ar fhoirmeacha agus iad a chomhdú don charthanas?

**Nóta tábhachtach:** Chun slándáil do chuntais a chinntiú agus chun cloí le ceanglais Chosanta Sonraí, ní mór duit, sula gcuireann tú aon úsáideoir le do chuntas, bheith údaraithe ag iontaobhaithe an charthanais chun déanamh amhlaidh.

Ní mór duit bheith ainmnithe mar riarthóir cuntais sula mbeidh tú in ann duine ar bith a chur le do chuntas agus ní mór duit bheith logáilte isteach i *'Mo Chuntas'*.

A luaithe atá tú logáilte isteach, cliceáil ar 'Cuntas' sa roghchlár ar an taobh clé de leathanach baile *'Mo Chuntas'* chun do phróifíl cuntais a oscailt.

Roghnaigh 

agus cuir sonraí an duine aonair leis – an t-ainm logála isteach, an céadainm agus an sloinne, an pasfhocal, an teanga roghnaithe, an seoladh ríomhphoist agus an uimhir theileafóin. Ní mór duit a chur in iúl an mbeidh an duine sin ina 'Riarthóir' nó nach mbeidh (is féidir le riarthóirí úsáideoirí nua a chur leis) agus 'Gníomhach' a thabhairt ar an úsáideoir, agus ní mór duit a chur in iúl cé na pribhléidí a bheidh aige/aici maidir le do charthanas – e.g. 'Ceadaithe chun Aighneacht a Chruthú', 'Ceadaithe chun Cur Isteach'.

Dá mba mhaith leat go mbeadh an duine sin in ann amharc ar fhoirm ach gan a bheith in ann foirm a chur in eagar nó a chur isteach, ná cuir tic le rud ar bith sa rannán 'Pribhléidí'.




Ní mór duit modh cumarsáide an úsáideora a shocrú freisin – roghnaigh comhfhreagras ríomhphoist (comhfhreagras a fháil trí ríomhphost) agus/nó ríomhphost HTML - ríomhphoist atá i bhformáid HTML.

**Tabhair faoi deara**: Más riarthóir thú do níos mó ná carthanas amháin, beidh ar aon úsáideoir nua a chuireann tú leis foirm um Chomhdaitheoir Údaraithe a chomhlánú agus a chur isteach dá c(h)arthanas féin go sonrach.  Chun foirm um Chomhdaitheoir Údaraithe a chomhdú, ba cheart don úsáideoir nua logáil isteach ina c(h)untas féin, 'Tosaigh Comhdú Nua' a roghnú ar an leathanach baile, 'Carthanas atá ann Cheana' a roghnú agus an carthanas a bhfuil sé/sí ag gníomhú thar a cheann a aimsiú ach an fheidhm cuardaigh a úsáid.

Ba cheart dó/di 'Comhdaitheoir Údaraithe' a roghnú agus an fhoirm a chomhlánú agus a chomhdú ansin.

Ní mór dó/di litir údarúcháin atá sínithe ag iontaobhaí amháin ar a laghad den charthanas a bheith aige/aici lena huaslódáil leis an bhfoirm. Féach an Treoir Úsáideora le haghaidh tuilleadh míniúcháin agus litir shamplach. A luaithe atá sí curtha isteach, próiseálfar í agus tabharfar eolas don chomhdaitheoir údaraithe nuair atá rochtain ceadaithe.

## C. Conas is féidir liom rochtain a thabhairt do thríú páirtí (e.g. cuntasóir an charthanais) chun go mbeidh sé/sí in ann an tuarascáil bhliantúil nó foirmeacha eile a chomhdú don charthanas?

Is féidir údarú a thabhairt d'úsáideoir tríú páirtí (e.g. do chuntasóir) chun foirmeacha nuashonrúcháin nó tuarascálacha bliantúla a chomhdú thar ceann do charthanais ach foirm um Chomhdaitheoir Údaraithe a chomhlánú (tabhair faoi deara: cé gur féidir le tríú páirtí tuarascálacha agus foirmeacha a chur isteach do do charthanas, is iad iontaobhaithe an charthanais atá freagrach as ábhar agus cruinneas na ndoiciméad sin).

Ní mór an tríú páirtí a bheith curtha le do chuntas cheana féin mar úsáideoir nua nó ní mór dó/di a c(h)untas féin a bheith cruthaithe aige/aici sula mbeidh sé/sí in ann iarratas a dhéanamh ar ghníomhú mar chomhdaitheoir údaraithe. Ní mór dó/di litir údarúcháin atá sínithe ag iontaobhaí amháin ar a laghad den charthanas a bheith aige/aici lena huaslódáil leis an bhfoirm um Chomhdaitheoir Údaraithe. Seo é nasc chuig Comhdaitheoir Údaraithe - Treoir Úsáideora

Chun iarratas a dhéanamh ar údarú, ba cheart don tríú páirtí logáil isteach ina c(h)untas féin, 'Tosaigh Comhdú Nua' a roghnú ar an leathanach baile, 'Carthanas atá ann Cheana' a roghnú agus an carthanas a bhfuil sé/sí ag gníomhú thar a cheann a aimsiú ach an fheidhm cuardaigh a úsáid.






Ba cheart dó/di 'Comhdaitheoir Údaraithe' a roghnú ansin agus an fhoirm a chomhlánú agus a chomhdú.  A luaithe atá sí próiseáilte, tabharfar eolas don chomhdaitheoir údaraithe nuair atá rochtain ceadaithe.

## C. Conas is féidir liom amharc ar an iarratas a chuir mé isteach do m'eagraíocht?

Ní mór duit bheith logáilte isteach i *'Mo Chuntas'* chun amharc ar d'iarratas.

A luaithe atá tú logáilte isteach, cliceáil ar 'Mo Chomhduithe' sa roghchlár ar an taobh clé de leathanach baile *'Mo Chuntas'* chun liosta de na comhduithe (nó na foirmeacha) go léir a bhaineann le d'eagraíocht faoi tháib cheannteidil éagsúla a oscailt: Dréachtaí, Sínithe, Curtha Isteach, Seolta ar Ais, Diúltaithe, Cláraithe agus Cealaithe.

Cliceáil ar an gceannteideal 'Curtha isteach' chun na foirmeacha go léir a cuireadh isteach a oscailt. Is féidir leat sonraí iomlána na foirme a íoslódáil ansin ach cliceáil ar an deilbhín .

Tabhair faoi deara: ní féidir leat foirm iarratais a chur in eagar mura bhfuil sí sa rannán 'Dréachtaí' nó sa rannán 'Seolta ar Ais'.




Mar mhalairt air sin, is féidir leat cliceáil ar an gceannteideal curtha isteach faoi 'Comhduithe Aighneachtaí' ar an deais chun d'aighneacht a oscailt.




## C. Conas is féidir liom cur in eagar a dhéanamh ar iarratas a seoladh ar ais chugam le haghaidh tuilleadh faisnéise a fháil?

Ní mór duit teachtaireacht a bheith faighte agat á rá gur seoladh an t-iarratas ar ais chugat chun tuilleadh faisnéise a fháil agus ní mór duit bheith logáilte isteach i *'Mo Chuntas'* sula mbeidh tú in ann iarratas a chur in eagar.

A luaithe atá tú logáilte isteach, cliceáil ar 'Mo Chomhduithe' sa roghchlár ar an taobh clé de leathanach baile *'Mo Chuntas'* chun liosta de na comhduithe (nó na foirmeacha) go léir a bhaineann le d'eagraíocht faoi tháib cheannteidil éagsúla a oscailt. Is ar fáil faoin táb 'Seolta ar Ais' a bheidh aon fhoirm a chuir tú isteach ('aighneacht') agus a seoladh ar ais chugat le haghaidh tuilleadh faisnéise a fháil.

Mar mhalairt air sin, is féidir leat cliceáil ar an gceannteideal seolta ar ais faoi ‘Comhduithe Aighneachtaí’ ar an deais chun d’aighneacht a oscailt.




Chun an fhoirm a oscailt, cliceáil ar an deilbhín 

chun an cur in eagar riachtanach a dhéanamh agus, a luaithe atá sé sin déanta, cuir an fhoirm isteach an athuair.

Nuair atá an fhoirm ar oscailt agat, cliceáil ar ‘Cabhair’ chun an treoir úsáideora a oscailt má theastaíonn cabhair uait.

## C. Conas is féidir liom rochtain ar an iarratas a thabhairt do dhuine éigin eile i m’eagraíocht?

**Nóta tábhachtach:** Chun slándáil do chuntais a chinntiú agus chun cloí le ceanglais Chosanta Sonraí, ní mór duit, sula gcuireann tú aon úsáideoir le do chuntas, bheith údaraithe ag iontaobhaithe an charthanais chun déanamh amhlaidh.

Ní mór duit bheith ainmnithe mar riarthóir cuntais sula mbeidh tú in ann duine ar bith a chur le do chuntas agus ní mór duit bheith logáilte isteach i *‘Mo Chuntas’*.

A luaithe atá tú logáilte isteach, cliceáil ar ‘Cuntas’ sa roghchlár ar an taobh clé den leathanach baile chun do phróifíl cuntais a oscailt.

Roghnaigh 

agus cuir sonraí an duine aonair leis – an t-ainm logála isteach, an céadainm agus an sloinne, an pasfhocal, an teanga roghnaithe, an seoladh ríomhphoist agus an uimhir theileafóin. Ní mór duit a chur in iúl an mbeidh an duine

sin ina ‘Riarthóir’ nó nach mbeidh (is féidir le riarthóirí úsáideoirí nua a chur leis) agus ‘Gníomhach’ a thabhairt ar an úsáideoir, agus ní mór duit a chur in iúl cé na pribhléidí a bheidh aige/aici maidir le do charthanas – e.g. ‘Ceadaithe chun Aighneacht a Chruthú’, ‘Ceadaithe chun Cur Isteach’.

Dá mba mhaith leat go mbeadh an duine sin in ann amharc ar fhoirm ach gan a bheith in ann foirm a chur in eagar nó a chur isteach, ná cuir tic le rud ar bith sa rannán ‘Pribhléidí’.




Ní mór duit modh cumarsáide an úsáideora a shocrú freisin – roghnaigh comhfhreagras ríomhphoist (comhfhreagras a fháil trí ríomhphost) agus/nó ríomhphost HTML - ríomhphoist atá i bhformáid HTML.

## C. Conas is féidir liom údarú a thabhairt do chuntasóir nó d'aturnae iarratas a chur isteach thar mo cheann?

Cé gur féidir le tríú páirtí iarratas a chur isteach thar ceann na n-iontaobhaithe carthanais d'eagraíocht agus déileáil le haon cheisteanna a thagann as, is iad na hiontaobhaithe carthanais atá freagrach fós as an iarratas.

Ní mór duit bheith ainmnithe mar riarthóir cuntais sula mbeidh tú in ann duine ar bith a chur le do chuntas agus ní mór duit bheith logáilte isteach i *'Mo Chuntas'*.

Chun slándáil do chuntais a chinntiú agus chun cloí le ceanglais Chosanta Sonraí, ní mór duit, sula gcuireann tú aon úsáideoir le do chuntas, bheith údaraithe ag iontaobhaithe an charthanais chun déanamh amhlaidh.

A luaithe atá tú logáilte isteach, cliceáil ar 'Cuntas' sa roghchlár ar an taobh clé den scáileán chun do shonraí cuntais a oscailt.

Cliceáil ar 

agus cuir leis sonraí an duine aonair agus na pribhléidí ba mhaith leat a thabhairt dó/di:

**Ceadaithe chun Aighneacht a Chruthú** – cuir tic leis chun cead a thabhairt d'úsáideoir d'iarratas a dhréachtú

**Ceadaithe chun Cur Isteach** – cuir tic leis chun cead a thabhairt d'úsáideoir d'iarratas a chur isteach

**Ceadaithe chun Amharc ar Íocaíochtaí** – tabhair faoi deara nach bhfuil an ghné seo i mbun feidhme faoi láthair

**Ceadaithe chun Cuntas a Athrú** – tabhair faoi deara nach bhfuil an ghné seo i mbun feidhme faoi láthair

Cliceáil ansin ar 'Sábháil' ag bun na foirme.  A luaithe atá sí sábháilte, beidh an t-úsáideoir nua in ann logáil isteach ina c(h)untas féin.

## C. Conas is féidir liom a chinneadh cén fhoirm ba cheart dom a úsáid chun an t-iarratas a dhéanamh?

Tá dhá rogha ann d'aon eagraíocht atá ag déanamh iarratas ar chlárú (seachas scoil a bhfuil uimhir rolla aici):

- Iarratas ar Charthanas a Chlárú
- Iarratas (Simplithe) do Charthanais Bheaga

Molaimid go mór go léifeá agus go léifeadh na hiontaobhaithe carthanais eile gach ceann dár ndoiciméid treorach sula ndéantar iarratas ar chlárú.

Más rud é **go gcomhlíonann** d'eagraíocht **gach ceann** de na critéir seo a leanas, ba cheart duit 'Iarratas (Simplithe) do Charthanais Bheaga' a chomhlánú.

- Meastar go mbeidh ioncam bliantúil d'eagraíochta níos lú ná €20,000 go ceann i bhfad;
- Ní chuireann d'eagraíocht creideamh ar aghaidh;
- Bunaíodh d'eagraíocht i bPoblacht na hÉireann agus is i bPoblacht na hÉireann amháin a oibreoidh sí agus a sheolfaidh sí gníomhaíochtaí;
- Níl talamh ná foirgnimh ar bith ag d'eagraíocht agus ní bheartaíonn d'eagraíocht talamh nó foirgnimh ar bith a bheith aici;
- Níl fostaithe ar bith ag d'eagraíocht agus ní bheartaíonn d'eagraíocht fostaithe ar bith a bheith aici;
- Níl agus ní bheidh obair le grúpaí soghonta (leanaí san áireamh) i gceist le gníomhaíochtaí d'eagraíochta.

Más rud é **nach gcomhlíonann** d'eagraíocht **gach ceann** de na critéir thuas, ba cheart duit 'Iarratas ar Charthanas a Chlárú' a chomhlánú.

## C. Conas is féidir liom iarratas ar scoil a chlárú a chur isteach?

Ní mór duit cuntas a bheith cruthaithe agat agus bheith logáilte isteach i *'Mo Chuntas'* chun iarratas a chur isteach do scoil.
A luaithe atá tú logáilte isteach, taispeánfar leathanach baile *'Mo Chuntas'*.

Cliceáil ar 

agus ansin roghnaigh an t-iarratas oiriúnach ó na roghanna atá ar fáil: Iar-bhunscoil a Chlárú, nó Bunscoil nó Scoil Speisialta a Chlárú. Nuair atá an fhoirm ar oscailt agat, cliceáil ar 'Cabhair' chun an treoir úsáideora a rochtain má theastaíonn cabhair uait.

**Tabhair faoi deara**: mura bhfuil uimhir rolla ag do scoil, ní mór duit foirm dar teideal 'Iarratas ar Charthanas a Chlárú' a chomhlánú. Tá an fhoirm sin ar fáil faoin rogha 'Comhdú Nua' ar leathanach baile *'Mo Chuntas'*.

## C. Conas is féidir liom an fhoirm iarratais nach mór dom a chomhlánú a aimsiú?

Ní mór duit cuntas a bheith cruthaithe agat agus bheith logáilte isteach i *'Mo Chuntas'* chun iarratas ar sheirbhísí a chur isteach faoi na hAchtanna Carthanas, 1961 agus 1973.

A luaithe atá tú logáilte isteach, taispeánfar leathanach baile *'Mo Chuntas'*. Scrollaigh chuig deireadh an scáileáin agus cliceáil ar an gcnaipe dar teideal 'Seirbhísí Carthanais'.




Cliceáil ansin ar an gcnaipe ábhartha chun an fhoirm a oscailt.




Nuair atá an fhoirm ábhartha ar oscailt agat, cliceáil ar 'Cabhair' chun an treoir úsáideora don fhoirm sin a rochtain má theastaíonn cabhair uait.

## C. Conas is féidir liom amharc ar iarratas a chuir mé isteach ar líne cheana féin?

Ní mór duit bheith logáilte isteach i *'Mo Chuntas'* chun amharc ar d'iarrata(i)s.

A luaithe atá tú logáilte isteach, cliceáil ar 'Mo Chomhduithe' sa roghchlár ar an taobh clé de leathanach baile *'Mo Chuntas'* chun liosta de na comhduithe (nó na hiarratais) go léir faoi tháib cheannteidil éagsúla a oscailt: Dréachtaí, Sínithe, Curtha Isteach, Seolta ar Ais, Diúltaithe, Cláraithe agus Cealaithe.

Cliceáil ar an gceannteideal 'Curtha isteach' chun na hiarratais go léir a cuireadh isteach a oscailt. (A luaithe a chomhlánaítear iarratas, taispeánfar é faoin gceannteideal 'Cláraithe'.)
Is féidir leat sonraí iomlána an iarratais a íoslódáil ansin ach cliceáil ar an deilbhín íoslódála  .




Tabhair faoi deara: ní féidir leat foirm iarratais a chur in eagar mura bhfuil sí sa rannán 'Dréachtaí' nó sa rannán 'Seolta ar Ais'.

Mar mhalairt air sin, is féidir leat cliceáil ar an gceannteideal curtha isteach faoi 'Comhduithe Aighneachtaí' ar an deais chun d'aighneacht a oscailt.




## C. Conas is féidir liom cur in eagar a dhéanamh ar iarratas a seoladh ar ais chugam le haghaidh tuilleadh faisnéise a fháil?

Ní mór duit teachtaireacht a bheith faighte agat á rá gur seoladh an t-iarratas ar ais chugat chun tuilleadh faisnéise a fháil agus ní mór duit bheith logáilte isteach i *'Mo Chuntas'* sula mbeidh tú in ann é a chur in eagar.

A luaithe atá tú logáilte isteach, cliceáil ar 'Mo Chomhduithe' sa roghchlár ar an taobh clé de leathanach baile *'Mo Chuntas'* chun liosta de na comhduithe (nó na hiarratais) go léir faoi tháib cheannteidil éagsúla a oscailt: Dréachtaí, Sínithe, Curtha Isteach, Seolta ar Ais, Diúltaithe, Cláraithe agus Cealaithe.

Is ar fáil faoin táb 'Seolta ar Ais' a bheidh aon iarratas a seoladh ar ais chugat le haghaidh tuilleadh faisnéise a fháil.


Mar mhalairt air sin, is féidir leat cliceáil ar an gceannteideal seolta ar ais faoi 'Comhduithe Aighneachtaí' ar an deais chun d'aighneacht a oscailt.




Chun an t-iarratas seolta ar ais a oscailt, cliceáil ar an deilbhín 

chun an cur in eagar riachtanach a dhéanamh agus, a luaithe atá sé sin déanta, cuir an t-iarratas isteach an athuair. (Is féidir go mbeidh ort an Dearbhú Reachtúil a bheith mionnaithe agat an athuair. Mar sin féin, cuirfimid an méid sin in iúl duit má bhíonn sé sin ag teastáil).

Nuair atá an fhoirm ar oscailt agat, cliceáil ar 'Cabhair' chun an treoir úsáideora a oscailt má theastaíonn cabhair uait.

## C. Conas is féidir liom an Dearbhú Reachtúil sínithe nó Foirm Údaraithe shínithe a uaslódáil?

Ar an gcéad dul síos, logáil isteach i *'Mo Chuntas'* agus ansin faigh rochtain ar an rogha uaslódála trí do dheais ach 'síniú ar feitheamh' a roghnú faoin gceannteideal 'Comhduithe Aighneachtaí'. Féach an seat den scáileán thíos.




Oscail an aighneacht ábhartha agus ansin cliceáil ar 'Uaslódáil Comhad Sínithe' chun na doiciméid shínithe a uaslódáil. (Más ann do níos mó ná doiciméad sínithe amháin, ní mór iad a scanadh ina gcomhad PDF aonair lena uaslódáil).

A luaithe a uaslódálann tú an comhad PDF den doiciméad sínithe/de na doiciméid shínithe, cliceáil ar 

chun an t-iarratas a chur isteach chuig an Rialálaí Carthanas.

Déan cinnte de go **seolann tú an bhunchóip** den Chomhad Sínithe (e.g. Dearbhú Reachtúil nó Foirm Údaraithe) **trí chasadh an phoist** chuig an Rialálaí Carthanas: An tAonad um Sheirbhísí Carthanais, an Rialálaí Carthanas, 3 Duga Sheoirse, an Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta, Baile Átha Cliath 1, D01 X5X0. Ní féidir dul chun cinn a dhéanamh ar iarratas go dtí go bhfuil an bhunchóip den Chomhad Sínithe faighte ag an Rialálaí Carthanas.

# 6. Treoracha Úsáideora úsáideacha eile

Tá sraith Treoracha Úsáideora ann thíos. Is féidir iad a rochtain laistigh de *'Mo Chuntas'* freisin. Cliceáil anseo chun amharc orthu agus chun iad a rochtain:

Tuarascáil Bhliantúil - Treoir Úsáideora

Comhdaitheoir Údaraithe - Treoir Úsáideora

Ainm Carthanais a Athrú - Treoir Úsáideora

Athrú ar Dheireadh na Bliana Airgeadais - Treoir Úsáideora

Athrú Cuspóra, Cuspóirí nó Leasuithe Eile Bunreachta - Treoir Úsáideora

Iarratas ar Charthanas a Chlárú - Treoir Úsáideora

Cuntas Bainc a Chothabháil - Treoir Úsáideora

Sonraí Teagmhála agus Láithreacha Oibriúcháin a Chothabháil - Treoir Úsáideora

Sonraí Cruinnitheoirí Airgid a Chothabháil - Treoir Úsáideora

Iontaobhaithe, Baint agus Comhairleoirí Seachtracha a Chothabháil - Treoir Úsáideora

Iar-bhunscoil a Chlárú - Treoir Úsáideora

Bunscoil nó Scoil Speisialta a Chlárú - Treoir Úsáideora

Iarratas do Charthanais a Mheastar a Bheith Cláraithe faoi alt 40 - Treoir Úsáideora

Iarratas (Simplithe) do Charthanais Bheaga - Treoir Úsáideora

Carthanas Cláraithe a Fhoirceannadh agus a Dhíchlárú - Treoir Úsáideora

# Iarratais faoi na hAchtanna Carthanas, 1961 agus 1973 - Treoracha Úsáideora

Is ann thíos do shraith Treoracha Úsáideora atá ar fáil ar ár suíomh Gréasáin:

Iarratais ar Thoiliú le Malartú Maoine Carthanais - Treoir Úsáideora

Iarratais ar Thoiliú le Léas Maoine Carthanais - Treoir Úsáideora

Iarratais ar Thoiliú le Morgáiste Maoine Carthanais - Treoir Úsáideora

Iarratas ar Thoiliú le Léas Maoine Carthanais a Ghéilleadh - Treoir Úsáideora

Iarratais ar Thoiliú le Díol/Aistriú Maoine Carthanais idir Carthanais ar Phraghas faoi bhun Luach Iomlán - Treoir Úsáideora

Iarratas ar Thoiliú le Comhréiteach faoi alt 22 den Acht Carthanas, 1961 (arna leasú) - Treoir Úsáideora

Iontaobhaithe nua a cheapadh faoi alt 43 den Acht Carthanas, 1961 (arna leasú) - Treoir Úsáideora

Iarratas Cy-Près - Treoir Úsáideora

Iarratas ar Athrú Alt 30 ar Scéimeanna faoin Educational Endowments (Ireland) Act 1885 - Treoir Úsáideora

Iarratas ar Thuairim nó Comhairle faoi alt 21 den Acht Carthanas, 1961 (arna leasú) - Treoir Úsáideora

Iarratais le haghaidh díol maoine carthanais ar luach iomlán a cheadú - Treoir Úsáideora